

An Caomhóir

Nuachtlir Fhondúireacht an Bhlascaoid 2017 Uimh. 37 €5.00



Máirín Ní Dhuinnshléibhe-Uí Bheoláin
4 Iúil 1925 - 5 Deireadh Fómhair 2016



Radharc ar na hOileáin ón Aer
Pic: Míchéal de Mórdha



Sparánacht



Siúlóid an Cheiliúrtha



An Pacistani



Scannánaíocht Nua

Focal ón gCathaoirleach



Ó 1985, bliain a bunaithe, tá an Fhondúireacht ag treabhadh léi ag iarraidh a haidhmeanna a thabhairt chun críche go foirfe.

Is iontach go bhfuil na treoraithe san Oileán i gcaitheamh an tsamhraidh agus go bhfuil obair dheisiúcháin ar dhá thigh san Oileán faoi lán tseoil. Tá géarghá le hionad buan leis na háiseanna cuí a bheith ar fáil do na treoraithe. Tá gá i gcónaí le infheistíocht cheart a dhéanamh sna céanna agus ar ndóigh sealúcháis a cheannach ar an mBlascaod de réir mar a thagann siad ar an margadh. Ar ndóigh, is é an sprioc atá againn go léir ná Páirc Náisiúnta Stairiúil agus Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach.

Uair amháin eile tréaslaímid ó chroí le Coiste an Cheiliúrtha – comhfhiontar idir sinn féin, Ionad an Bhlascaoid agus Oidhreachta Chorca Dhuibhne. Bhí ard-deireadh seachtaine againn i mbliana ag cioradh “Seandálaíocht agus

Dinnseanchas an Bhlascaoid” agus níl amhras ná gur bhain an slua mór a d’fhreastail air idir thairbhe agus taitneamh as. Cheana féin, táthar ag prapáil do cheiliúradh 2017 agus súil ag an gCoiste go mbeidh caidé tacaíocht acu ón bpobal chuige sin.

Cúis áthais dúinn go léir a chlos go bhfuil Dáithí De Mórdha ceapaithe ina Stiúrthóir ar Ionad an Bhlascaoid. Tá blianta caite ag Dáithí ag obair go dian dícheallach san Ionad agus anchur amach aige ar gach rud a bhaineas leis na Blascaodaí. Guímid gach rath air agus blianta fada sa phost seo.

Ba dheas linn an deis a thógaint, freisin, chun buíochas a ghabháil le clann agus cairde an Dr. Mhichíl Uí Chearna, nach maireann, as a bhflaithiúlacht leanúnach ag cur Sparánacht an Bhlascaoid ar fáil dár n-ógánaigh. Buíochas leo siúd go léir a chabhraíonn leis an gCeiliúradh nó leis an gCaomhnóir in aon tslí. Buíochas ó chroí freisin le Dáithí De Mórdha, Doncha Ó Conchúir agus le foireann an Ionaid as ucht a ndúthrachta agus a gcomhoibrithe.

“Go mbeirimid go léir beo ag an am seo arís”.



Oíche cheoil, amhránaíochta agus filíochta a bhain le hÉirí Amach 1916 agus ceol nuachumtha spreagtha ag an dtréimhse chinniúnach sin in Ionad an Bhlascaoid le Mike Hanrahan agus Breandán Ó Beaglaoich.
Arna eagrú ag Scoil Cheoil an Earraigh.

An Caomhnóir © 2017

Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

Seoladh Teagmhála

f.ch Ionad an Bhlascaoid Mhóir
Dún Chaoin
Trá Lí, Co. Chiarraí

In eagar ag

Bernie Firtéar agus Máire Uí Ainín.
Clóchur 7 Dearadh: Inné, Dún Chaoin.
Clódóirí: Kingdom Printers, Trá Lí.

Pictiúir

Siobhán Dempsey, Boscó Ó Conchúir,
Bernie Firtéar, Lorcán Ó Cuinneagáin,
Micheál de Mórdha, Ruth Uí Ógáin.

SAN EAGRÁN SEO

| | |
|--|----|
| Ceiliúradh an Bhlascaoid 2016 | 3 |
| Seoladh Iris 2015 | 5 |
| Cailleacha a' Dúna | 7 |
| Spórt agus Spraoi | 9 |
| An Leaca Dhubhach | 10 |
| An Mhuintir Dhíbeartha | 13 |
| Máirín Ní Dhuinnshléibhe -Uí Bheoláin | 15 |
| An Pakistaní ar Rothar | 16 |
| Imeachtaí san Ionad 2016 | 17 |
| Baill na Fondúireachta | 18 |
| Nóirín Ní Chatháin | 19 |

Coiste Fhondúireacht an Bhlascaoid

Pádraig Firtéar (Cathaoirleach)
Lorcán Ó Cinnéide (Rúnaí)
Máire Uí Ainín (Cisteoir)
Mícheál Ó Cinnéide, Bernie Firtéar,
Gearóid Ó Cinnéide, Máirín Ní Bhroin
Frances Uí Chinnéide
Máirín Ní Laoithe-Uí Shé

Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid

Máirín Ní Laoithe-Uí Shé (Cathaoirleach)
Máire Uí Ainín (Rúnaí)
Bernie Firtéar (Cisteoir)
Máirín Ní Bhroin,
Boscó Ó Conchúir,
Doncha Ó Conchúir,
Mícheál de Mórdha,
Máire Uí Shíthigh,
Máire Ní Scannláin (OCD).

CEILIÚRADH AN BHLASCAOID 2016

Lorcán Ó Cinnéide

Seo leanas mar a scríobh Breandán Mac Gearailt Mhárthain ina alt rialta san iris iontach *Corca Dhuibhne Beo (West Kerry Live)* faoin aitheasc oscailte de Cheiliúradh an Bhlascaoid 2016, tugtha ag an Dr. Pádraig Ó Héalaí in Ionad an Bhlascaoid ar an 23ú Meán Fómhair:

Bhí seoda ag snigh trína ndúirt sé. Bhí eolas, greann, agus éagsúlacht thar barr ina chaint. Shuífá agus d'fhanfá ar phort fliuch, nó ag seasamh sa sneachta, ag éisteacht leis. Ní dóigh liom gur chualas caint chomh heolach, seodmhar, taitneamhach, im' shiúlta, le fada.

Is leis an bhfáilte chroíúil a thug Doncha Ó Conchúir ó Ionad an Bhlascaoid agus caint Uí Héalaí a cuireadh tús leis an 21ú Ceiliúradh an Bhlascaoid. Má's rud é gur leag Ó Héalaí síos caighdeán ard dóibh siúd a lean é an lá dár gcionn, is maith ábalta a bhí na cainteoirí sin an dúshlán a ghlacadh go cumasach.

“Seandálaíocht agus



An Dr. Pádraig Ó Héalaí agus Breandán Mac Gearailt

Dinnseanachas an Bhlascaoid” téama an Cheiliúrtha i mbliana. Ar nós gach ócáid dá leithéid a chuaigh roimhe, is meitheal mór oibre a bhí sa Cheiliúradh, curtha le chéile ag coiste díograiseach, agus ag tarraingt ar Fhondúireacht an Bhlascaoid, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Ionad an Bhlascaoid, Aisteoirí Bhréanainn, ceoltóirí, amhránaithe agus scéalaithe den scoth.

Maidin Dé Sathairn, bhí Micheál Ó Coileáin ar an ardán lena chaint “Ó Rinn a’ Chaisleáin go dtí na Feó agus Barra Liath – Seandálaíocht na

mBhlascaod”, suirbhé leathan cuimsitheach ar na hiarsmaí atá scaipithe go forleathan sna Bhlascaodaí agus an stair a bhain leo.



Micheál Ó Coileáin

Ag cruthú arís gur mó slí chun scéal a insint, thug Danny Mac a’ tSithigh ar thuras draíochtúil sinn go gach cuas agus góilín mara ar Inis Tuaisceart agus Beiginis agus d’inis go draíochtúil ar “Dinnseanachas an Bhlascaoid trína charraigeacha, claiseacha, cuasanna agus cnoic”. Aistear iontach curtha uaidh ag an Sítheach i mbarr maitheasa a chuid scéalaíochta.



Danny Mac a’ tSithigh

An tríú cois le stól na bpríomh-chainteanna ná léacht tugtha ag sean-chara an Bhlascaoid agus go deimhin, na Fondúireachta, an Dr. Criostóir



John Kennedy i mbun an Turais Treoirithe Seandálaíochta agus Staire Dhún Chaoin.



An Dr Cristóir Mac Cárthaigh

MacCárthaigh as Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath faoin teideal “An Leaca Dhubhach – Idir Eachtra agus Seanscéal”

Dá fheabhas iad – agus bhí na cainteanna ar fad thar barr – ní raibh sa mhéid sin ach cuid d’imeachtaí na deireadh seachtaine. Chuaigh buíon i mbaol na báistí agus na gaoithe, i mbun turais ar pharóiste Dhún Chaoin, treoraithe ag Seán Ó Cinnéide agus Danny Mac a’ tSithigh agus is diabhair mar shásamh a baineadh as!

Mar léargas difriúil ar fad ar an dinnseanachas, bhí léiriú thar a bheith spéisiúil ag Aisteoirí Bhréanainn ar dhráma dar teideal “Cailleacha a’

Dúna”, ina raibh Sinéad Ní Uallacháin, Beiríní Ní Mhuircheartaigh, Siobhán Ní Neachtain, Cristín de Mórdha agus Bríd Criomhthain ar stáitse. Bhí mascanna iontacha déanta ag Billy Mag Fhloinn le haghaidh an léiriúcháin (féach lch 7).

Bronnadh dhá sparánacht ag an gCeiliúradh sa tsraith ‘Sparánacht an Bhlascaoid’, a bhunaigh an Dr. Micheál Ó Ceárna roinnt blianta ó shin. Siad Dan Ó Dubháin agus Muireann de hÓra a thug leo iad, beirt anois atá i mbun staidéir i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Go n-éirí san leo!

Sheol Dáithí de Mórdha go slachtmhar an leabhar a d’eascair as Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015 *Aimsir na nUasal* ar an oíche Aoine, an fichiú leabhar dá leithéid atá foilsithe, a bhuíochas sin leis na cainteoirí, le Micheál de Mórdha agus le Máire Ní Dhálaigh a dhein sár obair.

Chuir Cathaoirleach na Fondúireachta, Pádraig Firtéar, clabhsúr le himeachtaí na bliana seo den Cheiliúradh, deireadh seachtaine iontach, agus ghabh sé buíochas leo siúd ar fad a bhí i mbun eagraithe, ag




Dáithí de Mórdha

tógaint páirte nó ag cabhrú.

Sin mar a bhí ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2016. Bhí sé ar fheabhas ar fad. Ní fios cén treo ná ábhar atá le teacht i 2017: tá athbhreithniú le déanamh ar an gcur chuige faoi mar is dual d’aon ghníomhaireacht atá breis is scór bliain ar an bhfód. Ach pé rud a thagann as sin, bíodh sé le rá go raibh Ceiliúradh iontach ann arís i 2016 a chuir go mór le heolas agus tuiscint ar oidhreacht an Oileáin Tiar agus a thug taitneamh don tinreamh a bhí i láthair.



Muireann de hÓra agus Dan Ó Dubháin le Lorcán Ó Cinnéide agus Pádraig Firtéar



Iris Cheiliúradh an Bhlascaoid 2015 seolta ag Dáithí de Mórdha

Aimsir na nUasal a bhí mar théama ar Cheiliúradh an Bhlascaoid 2015, agus is ar an téama céanna úd atá ábhar an leabharáin seo atá á sheoladh againn anocht.

Ana-chnuasach aistí atá anso – ní nach ionadh, mar bhí gach éinne a d'fhreastail ar cheiliúradh na bliana sin ag caint ar ardchaighdeán na gcainteanna agus na himeachtaí i gcoitinne. Tá tuairisc inti ar imeachtaí an Cheiliúrtha ar fad, nach mór – lena n-áirítear aithisc, léachtaí, seoltaí leabhar, agus siúlóidí – agus nuair a chuirtear iad ar fad le chéile tá seoidín beag de leabhar againn. Ní hamháin san, ach tá saibhreas mínádúrtha sa tsraith i gcoitinne, agus nuair a chuirtear an 10 Iris na Oidhreacht a tháinig roimhe leo, is beag ceantar beag tuaithe go bhfuil a leithéid chéanna de thaifid acu maidir lena stair, lena n-oidhreacht agus lena gcultúr.

'Sí seo Uimhir a Fiche de shraith leabhar Cheiliúradh an Bhlascaoid, agus ceithre cinn de mhór-aistí atá sa leabhar, ag tosú le haiste Dhonnchadh Uí Chorráin – **Móruaisle na Mumhan**. An rud a rith liom agus é seo á léamh agam ab ea an cheist seo – an raibh aon uaisleacht ag baint leis na huaisle seo in aon chor? Tráchtann an Corránach ar na huaisle bheith ag úsáid milleadh gine agus marú clainne chun srian a chur ar an daonra a bhí fé smacht acu, agus éist leis an sliocht seo leanas:

Bhí cúis is doimhne agus is fairsinge leis sin, agus ríomhfaidh mé amach iad: ollphósadh, agus coraíocht le mórán ban lasmuigh de na póstaí sin. seo cúpla sampla beag:

Bhí cúigear ban ag Brian Ború, agus bhí sé ar gor amuigh chomh maith, bhí baint aige le daoine eile, agus tá scéal in *Annála Chonnacht* i dtaobh Ruairí Uí Chonchúir. Deir sé anseo:

Tá deireadh le ríogachas shliocht Uí Chonchúir. Do cheadaigh an Pápa seachtar ban dó ar an gcoinníoll go dtabharfadh sé suas do pheaca na mban, ach ní mó ná sásta do bhí Ó Conchúir leis an gcoinníoll seo, agus dá chionn san bhain an Pápa ríogachas na hÉireann dá chlann go brách.

Anois, ní hé gur cheadaigh an Pápa seachtar ban aige in aon aimsir, ach amháin is dóigh liom gur aithnigh an Pápa seachtar de na mná sin i ndiaidh a chéile a bheith dleathach. Sin eile. Agus fear eile ó thuaisceart na hÉireann, Toirdhealbhadh an Fhiona Ó Domhnaill, bhí deichniúr ban aige siúd, agus fós bhí mná amuigh aige chomh maith.

Caithfidh sibh féin an aiste ar fad a léamh chun bhur mbreithiúnas féin a thabhairt ar na huaisle seo! Ansan tá **Uaisle Chorca Dhuibhne – Cérbh iad Féin agus Cad a Rinneadar?** le Micheál de Mórdha, agus tugann an t-údar tuairisc dúinn orthu siúd a bhí i gcumhacht anso i gCorca Dhuibhne tráth, óna luathstair anuas go dtí tús na fichiú haoise. Go deimhin tugann sé breithiúnas ar mhuintir Chorca Dhuibhne ar na saolta seo chomh maith:

Fad a bhí na Rísigh is na Husaeigh is an aicme sin ag cur speilpe mhaith orthu féin do bhí an chosmhuintir beo bocht dealbh dearóil sa dúiche. Ach cheannaigh Bord na gCeantar gCúng cuid mhaith de na críocha gafa sa cheantar seo i dtús na fichiú haoise. De réir a chéile do tháinig an chosmhuintir chun cinn agus a gcuid treoraithe féin acu – Peaidí Bacach Feiritéar, Tomás Ághas agus a leithéidí. Féach go raibh a Rí féin ag Blascaodaigh, beag beann ar an aicme gallda, is gur theastaigh ó Sheán Ó Duinnshléibhe go mbeadh Parnell ina 'Rí againn ar Éirinn'! Mar fhocal scoir, féach go bhfuil sloinnte na nGael ndúchasacha go láidir beo bríomhar anseo fós i gCorca Dhuibhne agus gan de chuing na nGall orainn anois ach a dteanga agus cuid dá mbaois!

Léacht is ea **Dá Mairfeadh Piaras sa Dún** le Breandán Feiritéar atá lán de mhórtas cine agus de mhíoneolas ar dhuine dár mór-laochra, an taoiseach, an file agus an saighdiúir Piaras Feiritéar, agus ar chuid den stair agus

den bhéaloideas ar lean é. Tugann sé eolas dúinn ar chrochadh Phiarais sa bhliain 1653, eolas nach dtagann le gnáthinsint an scéil: Deirtear linn gur thug Brigadier Nelson cuireadh chun cainteanna síochána dó go Caisleán an Rois i gCill Airne. Ar a shlí abhaile go dtí a dhún – gabhadh é lámh le Caisleán na Mainge. Tugadh thar n-ais go Cill Airne é mar ar crochadh é ag Cnocán na gCaorach... Ach is mar seo a chuir Feirtéarach eile, An Síogaí Iniúchtach, síos ar bhás Phiarais agus é ag scríobh san iris *An Gaodhal* i 1903:

Is dearmad a rádh, ... gur ab' ar gheallmhain síothchána do mealladh Piaras Feiritéar go Cill Áirne, óir is i gcoinnibh a chos gan chead do do tugadh ann é. Bhí Piaras Feiritéar i bh-folach i d-tigh an Treantaigh i m-Baile an t-sléibhe, i n-iarthar Fhionntrágha. Do bhraith fear de mhuintir Leighin é; gabhadh an Feiritéarach agus tugadh go Cill Áirne é; agus do theich fear a bhrathte tar farraige, acht do casadh clann Phiarais air in san Spáinn agus d'oidigheadar é.

Mura mbeadh aon faic-á-bharra agat tar éis duit páipéar Danny an tSithigh, **Turas ar Chaisleán Phiarais Feiritéar** – a léamh ach a bhfuil de dhinnseanchas agus logainmneacha ann, bheadh ana-chuid foghlamtha agat. Éist le seo mar shampla:

Chuamar suas trí Ghleann Stuinge agus siar Bóthar na Faille agus síos go dtí an Cuas Glas. Tá leacacha breátha cloch sa chuas agus ba chuimhin liom i m'óige rian cille na mbád saighne a bheith gearrtha trí chuid des na leacacha seo. Is cuaisín deas fothainiúil é agus bhí slí ag an mbarra taoide chun naomhóg a chur ar stáitse ann. Taobh thuas de seo tá Cuas an Anntúir agus suas arís tá faillteacha móra arda Bhéidreach an Bhaile Uachtaraigh.

Truailliú ar an bhfocal 'meirdreach' is ea 'béidreach' agus sé an bhrí atá leis ná striapach ardnósach. Fan amach ón Méirdrigh mar ní aon dóithín í. Fan amach ós na faillteacha seo mar tá siad contúrtach. Tá naoi gcinn de bhinn-teacha ó Cheann Sibéal go dtí Binn Diarmada. ag tosnú thiar tá Binn Fhoithir na nUan, Binn na Tine mar a bhfuil Teamhar an Bhaile Uachtaraigh, an Bhinn Bhric, an Bhinn Bháin, Binn an Túirnín, Binn Annraoi, an Bhinn Mheánaigh, an Bhinn Bhig agus Binn Diarmada.

Tugtar Binn na Tine ar an mbinn is airde mar i lár an tsamhraidh éiríonn an ghrian glan aníos as an bhfarraige agus deargaíonn sí suas na faillteacha go léir ar an taobh seo den bparóiste. Mar an gcéanna le dul faoi na gréine, lasann sí suas na faillteacha seo a bhíonn dubh dorcha gruama i rith an lae. Le linn stoirme bailíonn na faoileáin ar an mBinn

Bháin in áit ná bíonn puth gaoithe agus sin fáth an ainm.

Ana-leabhar is ea *Ceiliúradh an Bhlascaoid 20*. Caithefear duine eile a luadh, gan í ní bheadh an leabhar seo againn chuige – nó go deimhin Ceiliúradh a 19, 18, 17, 16 nó 15 – sin í Máire Deálaí, atá ina treoraí anso san ionad, a dhein an obair clóbhuailte, taighde, eagrúcháin agus araile ar an leabhar – agus mar a deimhin ní bheadh aon leabhar againn á ceal.

Ba cheart do nach aon diabhal duine agaibh leathdosaen cóip de seo a cheannach – ba cheart cóip a bheith sa tigh agaibh, ceann id' phóca agus ceann eile sa mhótar, agus ceannaigh cóipeanna breise mar bhronntanais d'úr gclanna is d'úr gcairde!

Mar sin, fógraím Ceiliúradh an Bhlascaoid 20 – Aimsir na nUasal – foilsithe ag Coiscéim, gléasta, feistithe, seolta, as seo go Rinn an Chaisleáin, go Caisleán Phiarais agus Caisleán na Mórdhach agus gach caisleán ina raibh na huaisle tráth - agus go mbeirimid beo ar Cheiliúradh na bliana seo chugainn.

Na Blascaoidí

Lá grianmhar ag dul trasna

Ar an naomhóg le chéile,

Farraige chrosta fheargach ghlórmhar

Faitíos orainn go léir.

Gaoth ag neartú is muid ar imeall an bháis,

Go gairid an t-áthas go rabhamar sroichte,

An turas briste is an t-uisce ar ár ndroim.

Uaigneas an tréith ba threise a bhlaiseas

San ionad sceirdiúil seo,

Muintir na háite scriosta

Gan fágtha ach na seantithe cloíte

Is an saol seanaoiseach múchta,

Púcaí sna flaithis

Uair ag dul timpeall,

Ólta leis an anró,

Pianta sna croíthe.

Smaointe ag imeacht nós na taoide ar an dtráigh.

Ansin an bád ag gluaiseacht

As an ríocht draíochta

Is an spiorad fágtha

Ar chúl sa bhá.

© P Ó Muircheartaigh

Stáitsiú

Cailleacha a' Dúna

Ionad an Bhlascaoid Mhóir

25 Meán Fómhair 2016

Ó chnuasaigh scéalta Pheig Sayers, Bhab Feirtéar, Nell Ní Mhurchú agus Nóra Ní Shéaghda an scéal *Cailleacha a' Dúna*. Cuireadh an scéal inár láthair ar stáitse i rith Cheiliúradh an Bhlascaoid 2016. Bhí an cur i láthair seo á stiúradh ag Marina Ní Dhubháin agus an tAthair Tomás Ó hÍceadha a bhí ina chomhairleoir aici. Tá taithí againn ar ardchaighdeán aisteoireachta Aisteoirí Bhréanainn ach bhíodar níos fearr ná riamh an babhta seo, agus tá moladh speisialta ag dul do Bhríd Criomhthain. Cuireadh go mór leis an gcur i láthair mar gurbh í an ceoltóir aitheanta Máire Bhreathnach a chóirigh an ceol agus gurbh é an sárcheardaí Billí Mag Fhloinn a dhein an dearadh. Dar leis an gclár bhí “stáitsiú spleodrach” romhainn amach. Níor leor an cur síos sin áfach, mar bhí i bhfad níos mó ná sin i gceist. De ghnáth, agus na soilse á múchadh, bíonn gach súil dírithe ar an stáitse. Sa chás seo, tumadh díreach isteach sa dorchadas sinne, dorchadas agus doircheacht agus gach a bhaineann leo, eagla, piseogacht agus amhras. Sa dorchadas, agus cluas ghéar le héisteacht againn, do chualamar naomhóg ag imeacht, rithim bhuillí na maidí rámha ag éirí níos laige de réir a chéile. Leath tost uaigneach an oileáin iargúlta ar fud na hamharclainne agus bhraitheas féin go rabhas tréigthe. Idir ciunás agus dorchadas, díriodh na céadfaí ar a raibh ag titim amach mórthimpeall orainn, agus ansin, ón saol eile ansin thall, bhris sraith guthanna an tost bagrach. Ba le Peig Sayers, Bab Feirtéar, Nell Ní Mhurchú agus Nóra Ní Shéaghda na guthanna agus iad ag insint a leaganacha scéalta dúinn ón uaigh.

Solas luaineach chugainn ansin, agus tháinig na cailleacha ón scéal inár láthair, mascanna orthu, gruaig raifia síos go talamh orthu, agus iad ag luascadh a gcolann anonn is anall.



Ó chlé: Sinéad Ní Uallacháin, Máire Bhreathnach (ceoltóir), Berní Ní Mhuircheartaigh, Marina Ní Dhubháin (stiúrthóir), Cristín de Mórdha, Bríd Criomhthain, Siobhán Ní Neachtain.

**Na Cailleacha**

Ó chlé: Sinéad Ní Uallacháin, Berní Ní Mhuircheartaigh, Siobhán Ní Neachtain agus Cristín de Mórdha.
Bean a' Tí: Bríd Criomhthain

Fágadh sceimhlithe sin de réir mar a bhí an scéal á nochtadh ag na mná, ach, mar a dúirt Bab Feirtéar, “brostaíonn airc intleacht”. Agus is ann a bhí bun agus barr an léiriú nua-aimseartha seo. Tharraing an cur i láthair seo isteach i nguairneán mothúchán sinne, trí úsáid an-éifeachtach a bhaint as trealamh nua-aimseartha, fuaimeanna, soilsiú iontach agus taifid na scéalaithe. Coiméadadh ar bís sinn le dord agus le rithim agus gluaiseachtaí na gcailleacha. Bealach núalaíoch a bhí sa léiriú seo chun an seanscéal béaloidis a bhfuil cur amach ag daoine air ar fud na tíre seo, chomh maith leis an teachtaireacht atá ann maidir le conas dul i ngleic lena gcuireann sceimhle orainn, a chur os comhair lucht féachana an lae inniu. D'éirigh leis an stiúradh sinn a shá fé chraiceann an scéil go putóga, don chuid fho-chomhfhiosach den intinn, láthair inar féidir linn bualadh lenár sinsir.

—Cáit Uí Righin.

AN SCÉAL

Ó Bhéal an Bhab, Cnuas-scéalta Bhab Feirtéar, Cló Iar-Chonnachta (117-121), An Chéad Chló 2002.

Fadó riamh ní raibh ar an Oileán Tiar ach aon tigh amháin. Bhí lánú ina gcónaí insa tigh agus ní raibh de mhuirear orthu ach aon mhac amháin. Lá áirithe bheartaigh an t-athair agus an mac dul amach ar an míntír ag triall ar lín bídh, agus bhí sé beartaithe acu a bheith thar n-ais arís tráthnóna i gcomhair na hoíche. Ach ní mar a síltear a bítear. D'éirigh stóirm agus fuair an fharraige garbh, agus ní rabhadar ábalta ar theacht thar n-ais an oíche sin.

Bhí bean an tí istigh ansan, an créatúir, ina dua agus ina haonar, ar oileán mara, gan Críostaí Mhic an Luain le teacht ag fóirithint uirthi dá mbéarfadh aon chruatan uirthi. Ach, brostaíonn airc intleacht. Thóg sí anuas cliabh olla den gcúl-lochta agus thosnaigh sí á cíoradh.

I gceann tamaillín, bhuail mórsheisear cailleacha chuici isteach, seál brait ciardhubh ar gach aoinne acu, íochtar dubh agus ríobal go talamh orthu.

‘An bhfaighimid scroid airneáin uait, a bhean an tí?’ arsa iadsan in ard a gcinn agus a ngutha as bhéal a chéile.

‘Geobhaidh sibh, mhuisse,’ ar sise, ‘dá mbeadh an olann so cíortha agam.’

‘Cíorfaimidne in éineacht leat í,’ arsa iadsan, ‘is fearrde thú cúnamh d’fháilt.’

Agus thosnaíodar agus iad ag rá: ‘Cíoraimis is slámaimis, cíoraimis is slámaimis,’ agus ba orthu ba ghearr an mhoill mar is iad a bhí deas air i dteannta an eolais.

Nuair a bhí an olann cíortha acu:

‘Is ea, anois, a bhean an tí’ arsa iadsan, ‘an bhfaighimid scroid airneáin uait?’

‘Gheobhaidh sibh, mhuisse, a chroí,’ ar sise, ‘dá mbeadh an olann seo nite agam.’

‘Nífimidne in éineacht leat é,’ arsa siadsan as bhéal a chéile, ‘is fearrde thú cúnamh d’fháilt.’

D’fháisceadar chuige aríst agus b’orthu ba ghearr an mhoill an olann a ní.

‘Is ea, anois,’ arsa iadsan, ‘a bhean an tí, an bhfaighimid scroid airneáin uait?’

‘Gheobhaidh sibh, mhuisse, a chroí,’ ar sise, ‘dá mbeadh an olann tirim agam.’

‘Triomóimidne in éineacht leat é,’ arsa iadsan, as bhéal a chéile aríst, agus d’fháisceadar chuige, agus b’orthu ba ghearr an mhoill an olann a thriomú.

‘Is ea, anois,’ arsa iadsan, ‘an bhfaighimid scroid airneáin uait, a bhean an tí?’

‘Geobhaidh sibh, mhuisse, a chroí,’ ar sise, ‘ach caithfidh mé dul agus canna uisce a bhreith liom abhaile ón dtobar.’

Thóg sí an canna agus d’imigh sí léi go dtí an dtobar, agus nuair a thum sí síos an canna insa tobar, nár labhair an ghuth agus dúirt léi gurb í féin an scroid airneáin a bhí uathusan. ‘Agus mise do mháthair,’ arsa an ghuth, ‘ach b’fhéidir go ndéanfá an bheart orthu,’ ar sise, ‘ach tóg mo chomhairle: beir leat an canna uisce anois, agus nuair a bheidh tú ag déanamh ar an ndoras, buail uait é ag an ndoras, buail do bhasa le chéile agus tosnaigh ag scréachaigh is ag liúraigh is ag béicigh, agus abair go bhfuil Dún na Banríona trí thine agus Dún na Banríona fé bharr lasrach. Ansan, rithfidh siad amach ar eagla go mbeadh na leanaí dóite orthu, agus nuair a gheobhair imithe iad, téir isteach, cuir an bolta ar an ndoras i do dhiaidh, croch sciléad uisce ar an dtine, agus nuair a bheidh an t-uisce mallabhog, tóg anuas é, nigh do chosa ann agus triomaigh iad. Ansan, tóg amach an coileach as an gcúib agus nigh cosa an choiligh agus cuir thar n-ais don chúib é nuair a bheidh na cosa triomaithe agat. Ansan tóg tlú na tine, nigh sa sciléad é agus nuair a bheidh san déanta agat triomaigh é agus cuir ina sheasamh leis an adharta é.

Ansan, tóg na mugaí athá ar bhonn an *dresser* agat, pé cúpla muga athá agat, nigh san uisce iad agus triomaigh iad agus buail a mbéal fúthu ar an *ndresser*. Agus nuair a bheidh san déanta agat, dein an galar céanna leis na plátaí

agus buail a mbéal fúthu ar an *dresser*. Nuair a bheidh san déanta agat, nigh do chosa féin ann agus croch thar n-ais an sciléad os cionn na tine, agus téir a chodladh.’

Dhein sí amhlaidh. Thóg sé léi an canna uisce, agus nuair a bhí sí ag déanamh ar an ndoras bhuaill sí uaithe an canna uisce, agus bhuaill sí a basa le chéile agus thosnaigh sí ag scréachaigh is ag liúraigh is ag béiceach:

‘Dún na Banríona trí thine,’ ar sise, ‘ó, Dún na Banríona fé bharr lasrach!’

Amach leothu, leis an mórsheisear, is gach aon scréach acu, is iad ag caisliúraigh: ‘Ceann mo linbhse is ceann do linbhse dóite,’ a deiridist.

D’imíodar uaithe ansan, agus chuaigh sí isteach agus dhein sí fé mar a dúirt an mháthair léi: chuir sí an bolta ar an ndoras, chuir sí an sciléad uisce ar an dtine is nuair a bhí sé mallabhog thóg sí anuas é, nigh sí cosa an choiligh ann is chuir sí thar n-ais don chúib é, nigh sí tlú na tine is thriomaigh sí é is chuir sí ina seasamh leis an adharta é, agus dhein sí an rud céanna leis na mugaí agus leis na plátaí, agus ansin chuaigh sí a chodladh di féin.

Ní fada in aon chor a bhí sí ina codladh, nuair a bhraith sí an fothram ag teacht, agus iad imithe le báiní agus gach aon scréach acu:

‘Oscail, a mheidrigh!’ arsa iadsan.

Níor labhair sí drandam.

‘Oscail, a mheidrigh!’ arsa iadsan aríst.

Níor lig sí uirthi gur chuala sí iad.

‘Oscail, a choiligh!’ arsa iadsan.

‘Ní fhéadfainn é,’ arsa an coileach, ‘mar tá mo chosa nite is mé curtha thar n-ais don chúib.’

‘Oscail, a thlú na tine!’ arsa iadsan. ‘Ní fhéadfainn é,’ arsa an tlú, ‘mar táim nite, triomaithe, agus mé curtha i mo sheasamh leis an adharta anso aríst.’

‘Oscail, a phlátaí!’ arsa iadsan. ‘Ní fhéadfaimís é,’ arsa na plátaí, ‘mar táimid nite agus ár mbéal fúinn ar an *ndresser*.’

‘Oscail, a mhuga!’ arsa iadsan.

‘Ní fhéadfainn é,’ arsa an muga, ‘mar táimidne leis nite agus ár mbéal fúinn anso ar an *ndresser*.’

‘Oscail, a sciléad uisce na gcos!’ arsa iadsan.

‘Ní fhéadfainn é,’ arsa uisce na gcos, ‘mar táim crochta thar n-ais os cionn na tine.’

Dhera, ní dheineadar aon ní ansan ach preabadh in airde ar dhíon an tí agus thosnaíodar ag réabadh agus ag réabadh agus ag réabadh, agus bhíodar isteach go dtí an scraithín díreach, agus iad ar tí an scraithín a bhogadh agus í a mharú istigh, nuair a ghlaigh an coileach ‘Mac na hÓighe slán!’ agus scinneadar leo fé mar a dhéanfadh splanc lasrach.

Ach, is mairg a báitear le linn na hanaithe, mar tagann an ghrian i ndiaidh na fearthainne. Bhí an lá dar gcionn ina lá aoibhinn agus bhí an fharraige ina léinsigh, agus tháinig a céile agus a mac abhaile slán sábhálta. Ach, bí deimhneitheach de nár fhan sí riamh ina dhiaidh sin ina haonar ar an Oileán Tiar!

Spórt agus Spraioi ar an dTráigh Bhán

Colm Ó Catháin

Saddened by the untimely death of their youngest son and the departure of most of their children to the USA, Micí ‘Bófar’ Ó Catháin agus a bhean Máire Mháire Eoghain packed up their few belongings and left the Great Blasket Island for the last time. The home that raised so many of the Ó Catháin clan was closed forever. They lived out their last lonely years ar an Muiríoch.

Bófar and Máire could never have imagined that eighty years on, over forty of their descendents would gather on the island to bring life and laughter once again to the Tráigh Bhán. The occasion was organized by Pádraic Ó Catháin (mac Pháidí Bófar), one time headmaster and County footballer from Sligo. Using his sporting and teaching skills to good effect, he organized a variety of events ar an Tráigh Bhán – the Island’s ‘sporting arena’. They included comórtais snámha, rásanna d’óg agus d’aosta – fir is mná – an Poc Fada and most important of all a symbolic hurling match – cluiche báire – to honour the youth of the island who played in such matches fadó fadó. These famous matches were vividly described by Tomás Ó Criomhthain:

Lá Nollag..... bhíodh comórtas báire le bheith ar siúl agus an baile go léir ceangailte isteach sa chluiche báire sin..... Camáin agus liathróid a bhíodh an uair sin ann. Ar an dTráigh Bhán a bhíodh an báire acu, gan stoca ná bróg..... Ar feadh dhá lá dhéag na Nollag ní bhíodh sé i gcumas aon fhir san Oileán an bhó a bhagairt chun cnoic le



tinneas droma agus tinneas cnámh; cois dhubh ag beirt; fear eile ar leathchois go ceann mí.

–Lch 140, *An tOileánach*, eagrán 1973)

Thankfully the Ó Catháin clan suffered no such injuries in their ‘cluiche báire’ and they enjoyed a pleasant picnic washed down with fine wine during the sporting interval. All were able to make the returning ferry, tired but in good health. They were happy and content as they returned across the Blasket Sound – a stretch of water so often braved by

Bófar in his naomhóg. For many it was their first trip to their ancestral home, for others possibly their last. As they talked excitedly about the day’s activities, they were unanimous in selecting Pádraic Ó Catháin Rí an Oileáin – for a day at least – an appropriate choice bearing in mind that his grand-uncle, another Pádraic Ó Catháin, was the last official King of the Blasket Island.

N’fheadar an bhfuil a fhios ag na mairbh cad tá ar siúl sa saol seo, ach má tá, táim cinnte go raibh áthas agus bród ar Bhófar agus ar a bhean Máire an lá úd in Oileán Pharthais.

An Leaca Dhubhach

Mícheál Ó Gaoithín (*Maidhc File*), *Dún Chaoin*, a d'inis do Leo Corduff agus Séamus Ó Duilearga, 27 Samhain 1963 (*Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD, téip T0222*).

[*Bo Almqvist agus Criostóir Mac Cárthaigh a thras-scríobh, 2011.*]

Sa tseanaimsir nuair a bhí iasc agus trácht mór ar iasc – garbh agus mín – agus é dhul ar fáil go flúirseach is go hiomadúil ... Ní raibh an fharraige ina [?leamhnacht] an uair san faoi mar athá sí inniu. Bhí iascairithe go flúirseach ann agus an saothar maith acu á dhéanamh. Ach bhí áit speisialta a bhí ainmithe thar gach aon áit eile ar chósta thiar Chiarraí, b'é sin an Leaca Chlumbhach, an logán farraige atá eidir Inis Tuaisceart agus an Blascaod Mór ar an dtaobh thuaidh den Oileáin.

Bhíodh báid a' teacht as gach aon uile aird ar a' gcósta, bhídís ag teacht ag iascach, agus bhí gach aon tsórt iascach le fáil ann – langaí, colmóirithe, bric gheala, eascúin, [...] is na' haon rud mar sin, agus iad a' marú agus cuid acu a' tabhairt foiscealach dhóibh nach aon oíche as.

Ach, bhí bád i nDún Chaoin, thiar ó Fhailí Cliath, agus ceann dos na laethanta bhí an captaen thíos a' siúl ag an Fhailí Cliath thall is anall agus ní raibh fear den griú a' teacht agus bhí ionadh air cad a bhí á choimeád. Ach nuair a tháinig an chuid eile anuas dúradar gur dhócha ná féadfaidís dul go dtí Leaca Chlumbhach in aon chor anocht mar go raibh duine dhon bhfoireann tinn, agus ná féadfadh sé teacht, agus ná raibh sé chomh maith acu tarrac siar...tarrac suas.

Sea!

Ní raibh sé i bhfad ann nuair a bhuail strapaire d'ógánach breá dathúil, bhuail sé anuas Barra na hAille, agus ní raibh eisean ag géilleadh d'éinne a bhí ann ná éinne a' tógaint a' cheann do, agus ní dhein sé aon stad ná choíche gur



chuaigh sé síos isteach ar Leac a' Chriathair go hiomall an uisce. Bhuail sáil a dhá bhróige thíos leis an uisce agus do shín sé siar ar a lic agus d'fhan ansan. Níor bheannaigh sé ná níor umhlaigh sé d'éinne a bhí ar an gcladach nó gur ghaibh...gur ghaibh an bád amach agus iad a dhul 'on Leaca Chlumbhach, agus d'éirigh sé aniar den lic agus d'iarr sé ar fhear Dhún Chaoin a' mbeadh aon chur ina choinne aige é ligint sa bhád ag iascach anocht. Dúirt sé ná beadh gur b'é a theastaigh uaidh má bhí aon eolas aige ar a' bhfarraige.

Dúirt sé go gcaithfeadh triall a

bheith ar dtúis air, go ndéanfadh sé a dhícheall.

'Bí istigh sa bhád,' arsa fear Dhún Chaoin leis, 'sé do leithéid athá uainn.'

Tháinig sé isteach sa bhád agus bhí sé ag obair leis go ceann dhá mhaidin, an tarna mhaidin – nó gur chuaigh sé siar isteach 'on Leaca Chlumbhach agus thugadar an oíche ansan ag iascach, agus má thugadar bhí taoscán breá éisc ag teacht isteach ar maidean go dtí an Fhailí Cliath. Chaitheadar amach an t-iasc as an mbád agus tharraigíodar suas an bád agus nuair a bhí an bád curtha



Cósta Dhún Chaoin a léiríonn Failí Cliath agus Leac an Créithir (Leac a' Chriathair)
Mapa: © Logainmneacha Dhún Chaoin, Éamonn Ó hÓgáin agus John Kennedy,
Comharchumann Dhún Chaoin, 2016.

suas acu, níor thóg sé breac as a'...as a' gclais, ach huaedh leis agus a dhá lámh a chur dtaobh thiar dá dhrom agus bualadh leis suas agus níor bheannaigh sé is níor umhlaigh sé dhó agus n'fheadar sé soir seachas siar cá raghadh a' fear sí.

Ansan amáireach arís ag an am céanna do tháinig sé anuas an casán céanna, agus do shín sé siar ar Lic Chriathair. Bhuail a...shála a dhá chois leis an uisce agus dh'fhan ansan gur ghaibh an bád amach 'on Scrogall. D'fhriafraigh sé go chaptaen an bháid an mbeadh aon leithscéal é ligint sa bhád, agus dúirt sé ná raibh, gur dh'oibrigh sé go maith an oíche roimh ré dhó, agus go raibh sé go maith, agus go ndéanfadh sé an bheart nó go dtí go mbeadh an fear a bhí acu féin...go mbeadh sé slán.

Sea, do bhí sin go maith is ní raibh go holc!

Chuadar ag iascach agus ar maidean amáireach, ar mhochóirí na maidne, thánadar isteach go Faill Cliath, agus do bhí lán a' bháid go barra d'iasc acu. Chuireadar amach a' t-iasc as an mbád agus na giúirléidí uile a lean a' t-iasc agus chuadar suas, tharraigíodar suas an bád agus do bhailbh mo stróinséar uathu agus ní bheannaigh sé d'éinne agus ní umhalfadh sé d'éinne. Bhuail a dhá lámh leis féna dhrom agus bhailbh leis. Agus n'fheadar éinne acu soir seachas siar cár ghaibh sé.

Bhí san go maith go dtí gur tháinig a' tríú hoíche agus do dhein sé an cleas céanna. Bhuail sé anuas Leac a' Chriathair agus níor dhein sé aon stad gur chuaigh sé síos go cois na huisce agus do shín sé siar ar a' lic, bhuail sála a dhá chos amach leis an uisce. Agus do bhíodar ag féachaint air, agus ionadh an domhain orthu cérbh é féin. Ach gan dabht níor mhaith leotha ao' chur isteach a chur air ná iarrthaí dhó...níor iarrthaíodar do cérbh é féin. Ach nuair a ghaibh a' bád amach d'iarrthaigh sé dhóibh an mbeadh ao' chur ina choinne acu é féin a thabhairt leothu...leis...leo insa bhád. Dúradar ná raibh, go raibh

fáilte acu leis. Phreab sé isteach sa bhád, ar cheann a' t-aon mhaide, agus measaim gur fuaigh sé siar 'on Leaca Chlumphach. Thugadar an oíche bhreá san ag iascach thiar.

Ach siar san oíche, tamall ón lá, d'éirigh sé as an áit go raibh sé agus dúirt sé le fear an bháid...le captaen a' bháid: 'Díol mé,' ar seisean, 'díol mé,' adúirt sé, agus 'díol mé, díol mé.'

'I gcuntais Dé,' ar seisean, 'cén díol athá uait anois mar ní haon áit é seo chun a bheith a' díol éinne.'

'Ó, táimse le seachtain insa bhád so ag iascach,' adúirt sé, 'thar cheann fir eile. Díol as mo sclábhaíocht mé,' adúirt sé, 'nó mara ndíolfair,' adúirt sé, 'is duit féin is measa.'

'Níl aon díol agam,' adúirt sé, 'le tabhairt duit,' arsa fear Dhún Chaoin. 'Cad ina thaobh,' ar seisean, 'nár lorgaís amuigh é an fhaid a bhíomar amuigh insa bhFaill...bhFaill Cliath? Ón uair nár dheinis,' ar seisean, 'ní fhéadfainnse faic a thabhairt anois duit.'

'Tabhair dom a' cnaipe san id' bhrat,' adúirt sé, 'an cnaipe *ivory* sin id' bhrat,' adúirt sé. 'Tabhair dom é sin agus bead sásta.'

'A Chríost na Grást,' arsa fear Dhún Chaoin, 'an mbeifeá sásta leis a' seana chnaipe sin atá sa tseanachasóg san athá agam?'

'Bead,' adúirt sé. 'Tabhair dom i leith é!'

Sea, bhain sé a' cnaipe amach as a gcasóg 'on iarracht san, agus bhuail sé chuige ina phóca.

'Thá san déanta go maith agat,' arsa an stróinséar. 'Cogar anois,' adúirt sé, 'ón uair go rabhais go maith is go cneasta liomsa i ruith na seachtaine. Imigh anois,' adúirt sé, 'agus má tá aon ghaolta leat anocht ins an áit seo ag iascach ar a' mbanc so, tabhair cúirle [a] leasa dhóibh. D'fhriafraigh orthu in ainm Dé,' ar san, 'tarrac suas agus a bheith ag ceiliúradh Dé. Mura ndéanfaidh siad rud ort,' ar sin, 'is dóibh féin is measa. Níl éinne sa Leaca Chlumphach so anocht ag iascach,' adúirt sé, 'ach báid a bheidh báite ar maidin.

Déanfaidh an oíche anocht,' adúirt sé, 'oíche bróin agus olagóin, agus dein rud orm!' adúirt sé.

Ar sin...arsa an captaen: 'Cad tá ort oíche bhreá, ná níl aon chuma gaoithe ná stoirm air ach cuma ana-bhreá, ana-aoibhinn, ana-[?bhog] ar an oíche.'

'Ná bac san,' ar seisean, 'tá an ainis a' teacht,' adúirt sé. 'Dein rud orm, pioc suas, pioc suas! Agus téire agus glaoigh orthu.'

'Á,' arsa na mairnéalaigh – an criú a bhí aige: 'N'fheadar, is ana-dheacair linn rud a dhéanamh ort. Ach stróinséar is ea thú, gan dabht,' adúirt sé, 'a bheadh eolas agat ná beadh ag ár leithéidne. Déanfaimid rud ort.'

Tharraigíodar chucu suas agus chuadar go dtína daoine muintire a bhí ag iascach, agus d'iarradar orthu i gcuntas a' tsaol go raibh focal fachtu acu fhéin ó stróinséar fir a bhí sa bhád acu le seachtain agus ná feadar siad cé hé féin. Agus dein...rud a dhéanamh air, tarrac suas agus a bheith ag cur dóibh abhaile mar go ndéanfadh an oíche droch... oíche.


Do dheineadar rud air, dhá bhád acu ó Dhún Chaoin, agus bhí daoine muinteartha dho...ó mhuintir Dhún Chaoin, bhíodar istigh san Oileán.

'Sea,' a dúradar, 'tá daoine muinteartha, a dhuine, leis ann ón Oileán ag iascach anocht amu.'

'Má tá,' arsa an stróinséar, 'téirigí agus labhraigí leo san agus abraigh leothu teitheadh, agus teitheadh in am.'

Sea, bhí san go maith, do chuadar agus dúirt muintir an Oileáin go mbfhé' go raibh an ceart acu, ní raibh an oíche ana-gheal, agus ana-sholasmhar sa spéir, agus go m'bhféidir go séidfeadh sé, go mbeadh pocán gaoithe i ndiaidh sin as go tapaigh i ndiaidh an oíche, go raibh athrú ag teacht ar a' spéir. Agus – 'Ní ragham abhaile in aon chor,' dúradar, 'go dtí go raghamair is go dtabharfam féinig ordú do bhád ó Uíbh Ráthach ann, mar bíonn siad go maith ann 'ach aon turas a théimid anonn chucu sall, agus ní ragham anois abhaile,' ar sin, 'go dtí go

An Mhuintir Dhíbeartha



Lorcán Ó Cuinneagáin

Leanann siad mé, idir óg agus aosta, agus mise ag siúl ar imeall na Reanna ar an mBlascaod Mór. Gluaiseann siad comhthreomhar liom agus ar aon-luas liom, iadsan san uisce, mise ar an talamh. Nuair a shíleann siad go bhfuilid tugtha faoi deara agam, sleamhnaíonn siad as radharc, ag fágáil ‘glug’ d’fhuaim ar bharr an uisce; b’fhéidir go mbreathnaím rian de chorp dubh galbhánach chomh maith. Pé scéala é, nuair is dúil dóibh, táid imithe go tobann ’s go hiomlán, an fharraige fágtha glan, folamh, ina ndiaidh.

Ach ní fada go n-ardaíonn na peireascóip fhiosracha arís, ag rothlaigh fó clé agus fó dheis go dtí go bhfuilim athaimsithe acu. Druideann siad liom, arís gan chuireadh, iad scaipthe san uisce gan ord ar nós páistí aonta. Spotaí dubha ag bobáil ar bharr na farraige, gan tafann, gan éagoin.

Ansin, agus mé ag siúl liom, go tobann, gan chúis sothuigthe, tagann éad dorcha ormsa, ’sea ormsa, tásc den fhearg fiú.

Féach an cumas snámha atá iontu siúd, a cheapaim, iad ag gluaiseacht síos, trasna, suas, ag casadh ’s ag lúbadh i ngach treo, ag spaisteoireacht san uisce gan smaoinemh, gan stró. Agus mise san uisce céanna, táim cailte go hiomlán, mo ghéaga á gcaitheamh amach agam gan chiall, i ngach treo, na lámha ag bualadh le hanbhá, na cosa ag ciceáil le scanradh, mo shúile mór-oscailte le



Rón aosta le súile móra



Rónta ag breathnú orm

heagla, béal agus srón ag troid chun fanacht os cionn an uisce. Táim níos fearr ag an mbáigh ná ag an snámh. Agus na rudaí fada dímheabhair seo agus an dá shúil seasta ina gcinn acu le hiontas agus le grinn, iad ag féachaint ar an amadán dhá-chosach agus é trína chéile san uisce. 'Sea, cinnte tá éad orm, mar nach féidir liomsa saor-shult a bhaint as an uisce mar a dhéanann siadsan.

Ach laghdaíonn an t-éad ionam nuair a thugaim faoi deara i gceart na súile atá orthu, iad mór agus oscailte agus bábanta ach rian den bhrón le feiceáil chomh maith. An bhfuil siad brónach mar gur shíúil siad féin an talamh uair sular shíúil muidne, an dream dhá-chosach, é? Agus b'fhéidir éad agus brón orthusan anois, mar go bhfeiceann siad mise ag siúl gan stró ar an talamh atá coiscthe dóibhsean. A thuilleadh éada fós mar go siúlaim pé áit is mian liom, páirc, trá, sliabh, faill. An t-éad céanna againn araon ach ar a mhalairt chúis, an talamh cailte acu-siúd, mise coiscthe ón fharraige?

B'fhéidir uair éigin go ndearna siad tubaiste spridiúil uafásach éigin, anois i gcuimhne na talún amháin; go tobann – iad curtha i scaoll isteach san fharraige, an talamh cailte go deo acu, mar a chailleamar an Gairdín Pharthais uair. B'fhéidir gurb é sin cúis leis na haghaidheanna mianchumhacha, caointeacha, éadmhara, atá orthu.

Nó an bhfuilid go foighneach um leanúint, iad ag fanacht go heolach, go críonna, go dtí go gcaitear mé féin ina measc, mise anois curtha ón talamh chomh maith, chun athnascadh leo siúd san uisce, mé ag athnascadh leis na rónta arís, ní bás ach ...bhuel ní fheadair...



Slán

Slán libh anois, slán libh go léir, Muintir an Oileáin agus na rónta agus na faoileáin, na Broighill agus na Seaga, na Cánóga Dubha agus na Gainéid; slán leis na caoirigh, na coiníní, na giorriacha; le seilide dubh agus céadchosach gruagach, le Cág Cosdearg agus le hÉinín Beannaithe, le gort agus páirc, le tobar agus sruth, le carraig agus cloch, le mionnán agus carraig mhara, le sliabh agus cnoc agus faill; slán leis na Síoga is na Cailleacha, na Déithe agus na taibhsí, slán le tígh agus le fothrach, le falla agus bóthar, le caiseal agus clochán, le féar agus bláth agus feochadán, le luachair agus raitheach, le fraoch agus caonach. Sea, slán libh go léir, mo dhoimhin bhuíochais go deo, mo chroí agus mo spiorad libh go dtí mo bhás ... agus ina dhiaidh. Tóg mo dheora anois, deora mo shúile agus deora mo chroí.

Mé brónach ... agus mé sásta ag an am céanna.

Mairín Ní Dhuinnshléibhe -Uí Bheoláin

1925-2016

Saolaíodh Máirín ar an 4ú lá de Mhí Iúil 1925 do Mhuiris Mór Ó Duinnshléibhe agus Cáit (Kate) Ní Mhainín, Bun a' Bhaile, an Blascaod Mór.

Ó Chill Mhic an Domhnaigh ab ea Cáit ach chaith sí breis is tríocha bliain ina múinteoir ar an mBlascaod. Nuair a thit uimhir na leanaí ar an Oileán, aistríodh Cáit go Muiríoch i 1935 agus d'imigh Máirín lena máthair, ag fágaint Muiris, a hathair agus a deartháir Peatí ar an oileán.

Tar éis freastal ar scoil na Muirí, chuaigh Mairín ar aghaidh go Coláiste Íde agus ina dhiaidh sin go Coláiste Banrion na Trócaire, an Charraig Dhubh i Baile Átha Cliath. Ghlac sí le post múinteoireachta i gColáiste Loretto, Crumlin, i 1948 áit ar fhan sí go ndeachaigh sí ar pinsean. Níor stop sí ag obair, áfach, mar lean sí ar aghaidh ag cabhrú leis na leanaí sa scoil sin go dtí go raibh sí 82 bliain d'aois.

Bhuail sí lena fear céile, Micheál Ó Beoláin, ó Fán, Ceann Trá, tar éis an Mheánteist a dhéanamh agus bhíodar cairdiúil lena chéile ar feadh blianta go dtí gur phósadar i 1960. Saolaíodh beirt chlainne dóibh, Pádraig agus Eithne. Bhí sí an-mhór lena beirt gharmhac Conor agus Harry a chaith cuid mhaith dá laethanta saoire ina teannta. Cad é spórt a bhíodh acu!

Saol fada saibhir éagsúil a bhí ag Máirín a thug í ón mBlascaod go dtí Baile Átha Cliath agus ar ais go Ciarraí do na blianta deireannacha. Bhí sláinte an bhrádáin aici go dtí le fíor dhéanaí. Dhein sí ceiliúradh lena cairde agus nócha bliain sroichte aici, Mí Iúil anuraidh sa 'Stone

House' i bhFán, agus bhí gliondar uirthi nuair a thug an corn Sam Maguire cuairt uirthi ar an ócáid. Bhí sí ar an urlár rince i Mí Lúnasa ag a dó ar maidin ag pósadh Mharie Ní Bheoláin. Shiúil sí ó Shráid Uí Chonaill go Páirc an Chrócaigh don chluiche ceannais idir Chiarraí is Baile Átha Cliath i Meán Fómhair agus lean sí ag tiomáint go dtí an Nollaig seo caite.

Fuair sí bás ar an 5ú Deireadh Fómhair 2016 ag aois 91 bliain.

Comhbhrón lena muintir. Ar dheis Dé go raibh a hanam!



Ag glaoch an rolla scoile ar a céad lá.



Is mór an onóir dom an Chorn seo a ghlacadh ...

An Pakistani a tháinig 'on Oileán lena *bhicycle*

Agallamh ar Raidió na Gaeltachta ag Micheál de Mórdha san 1980aidí le Máirín Ní Dhuinnshléibhe

... Ach caithfidh mé a insint duit fé fhear a tháinig ag díol an tae nó pé rud a bhí sé a dhíol a Mhíchíl. Tháinig sé seo lá ach go háirithe, bhíomar go léir thíos ar bharr na hInniúnach agus chonaiceamar ó, rud éigin ag glioscarnaigh thiar i ndeireadh na naomhóige isteach ó Bheiginis abair agus bhí fear a rá, 'N'fheadar cén diabhal rud atá sa naomhóg,' agus nuair a dhruid sé

isteach linn sin é an uair a chonaiceamar go *bicycle* a bhí istigh, *bicycle* agus *dynamo* mór amuigh ar a thosach.

Landáil sé istigh ar an Inniúin agus má dhein bhailibh gach éinne síos ag féachaint cé leis an *bicycle*. Léim an fearaín beag buí dubh so amach as an naomhóg agus bhí saghas bhailíos aige nó mála de shaghas éigin agus siúd leis ach go háirithe agus thógadar amach an *bicycle*, sháigh sé roimis suas an slí ar dtuais é ach ní raibh aon tseans go bhféadfadh sé dul in airde air ach fuair sé cabhair, bhí gach éinne ag sáigh leis suas chomh maith.

Nuair a tháinig sé ar bharr na hInniúnach ansan ní raibh aon tseans go bhféadfadh sé dul in airde ar an *mbicycle* ach oiread agus ansan bhí eagla air go sciobfaí an mála uaidh mar bhí an mála ag duine éigin eile. Ach anyway, chuir sé an mála thiar ar an *gcarrier* fé mar a thugaimíd anois air agus nuair a tháinig sé chomh fada le binn tí Mháire Lyne léim sé in airde ar a *bhicycle* agus tá na bóithre chomh

cúng ansúd a mhic ó, suas leis bóthar lastaíos siar agus an *crowd* ina dhiaidh, gach éinne ag cur as agus gach éinne ag screadaigh.

Déarfainn go raibh sé scílithe ina bheathaigh.

Ní dhíol sé faic ach go háirithe. N'fheadar cá bh'fhan sé fiú amháin, is dócha go bh'fhan sé tigh Pheats Team nó b'fhéidir tigh Mháire Pheats Mhící. Ach d'iarr sé orthu é a thabhairt amach arís an lá ina dhiaidh. Fuair an *bicycle* suathadh suas siar bóthar lastaíos agus an bóthar laistiar anuas agus má bhí duine bhí daichead duine ina dhiaidh aniar mar ní fhacadar *bicycle* mar é siúd riamh, *dynamo* mór amuigh air. Sin é an Pakistani a bhí againn istigh. An lá spóirt is mó a bhí riamh againn nuair a bhíosa istigh ach go háirithe.



Máirín le peataí lacan ar an mBlascaod le linn a hóige

Imeachtaí san Ionad le linn na Bliana 2016

11/02/2016 Imeachtaí Lá 'le Gobnait, arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin Teo.

Bronnadh Brat na hÉireann agus cóip de Fhorógra na Cásca ar leanaí Scoil Dhún Chaoin.

Léacht leis an Dr. Éamonn Ó hÓgáin ar logainmneacha Dhún Chaoin.



Bronnadh Brat na hÉireann

18/02/2016 Oíche cheoil, amhránaíochta agus filíochta a bhain le hÉirí Amach 1916 agus ceol nuachumtha spreagtha ag an dtréimhse chinniúnach sin le Breandán Ó Beaglaoich agus Mike Hanrahan. Arna eagrú ag Scoil Cheoil an Earraigh.

19/02/2016 Ceolchoirm le Paddy & Kevin Glackin, Paul McGrattan, Aoife agus Deirdre Granville, Katerina Garcia, Ailean Domhnallach agus Roisín Ní Mhainín. Arna eagrú ag Scoil Cheoil an Earraigh.



Micheál Ó Cinnéide agus Tommy O'Connor ag Ceiliúradh an Bhlascaoid

19/03/2016 Céad-léiriú Domhanda an scannáin 'The Crest' faoi bheirt de shliocht An Rí, Peats Mhicí Ó Catháin, ón mBlascaod. Arna eagrú ag Féile Idirnáisiúnta Scannán an Daingin.

30/04/2016 Beowulf: The Blockbuster, dráma le Bryan Burroughs.

Santa Maria de La Rosa, Léacht le Xabier Agote ó Thír na mBascach.

Arna eagrú ag Féile na Bealtaine.



Xabier Agote

01/5/2016 Taispeántas cuilteanna le Nikki Foley agus The Sewing Shed.

4-8/05/2016 Cúrsa Gaeltachta Chumann Bunmhúinteoirí Éireann, arna eagrú ag an gcraobh áitiúil.

23/07/2016 Ceolchoirm mar chuid de Thionól na nGearaltach.

01/08/2016 Taispeántas Clann Díbeartha Éireann: Gaeil Mheiriceá agus an Bóthar chun Éirí Amach 1916 – An Dr Traolach Ó Ríordáin, Ollscoil Montana, cartlann Butte/Silver Bow agus ord Ársa na hÉireann.

21/08/2016 Aifreann ceiliúrtha do shliocht an Bhlascaoid.

22/08/2016 Cruinniú poiblí - 'An Ghlúineach Bhiorach' arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin Teo.

23-25/09/2016 Ceiliúradh an Bhlascaoid 2016 'Seandálaíocht agus Dinnseanchas an Bhlascaoid' arna eagrú ag Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid.



An Ghlúineach Bhiorach

05/10/2016 Tionól Dochtúirí Leighis ó Londain.

13/10/2016 Ceolchoirm ag Leanaí Scoil Dhún Chaoin.

29/10/2016 'Fís na Fuisgeoige' scannán faisnéise le hAodh Ó Coileáin, á thaispeáint san Ionad.

03/12/2016 Ceolchoirm mar chuid de 'Other Voices' arna eagrú ag foireann Other Voices.



Aodh Ó Coileáin

*I rith na bliana bhí 5 searmanas pósta san Ionad.

Baill na Fondúireachta • Members of Foundation

Bíonn An Caomhnóir á dháileadh tríd an bpost go baill na Fondúireachta agus an costas clúdaithe lena dtáille ballraíochta.

Ar eagla go bhfuil dearmad déanta ag daoine maidir le táille bliantúil ballraíochta a dhíol, seo thíos a leanas na baill atá díolta suas go 8 Samhain 2016:

An Caomhnóir is dispatched to members of Fondúireacht an Bhlascoid, the cost of which is covered by their membership.

As some may have forgotten to update their yearly membership, below are listed members who have paid up to 8 November 2016:

Tadhg Ó Coileáin, Abha na Dála Daingean Uí Chúise Co. Chiarraí.
Ath. Raphael O hAllmhuirín, Blessed Sacrament Community, 20 Batchelors Walk, Dublin 1.
Brian Caball, 79 Cnoc Maoile, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Lís & Donncha Ó Céilleachair, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Séamus Mac Gearailt Cillín, Páirc na Dara, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Colette Ní Mhoitleigh, 47 Ascal Ráth Gearr, Baile Átha Cliath 6.
Dáithí Kimber, 39 Faiche an Ghrágáin, Port Láirge, Co. Phort Láirge.
Úna Bn. Uí Rocháin, Sráid na Cathrach, Co. an Chláir.
Séamus Ware, Beechfield Manor, Bóthar Shanganagh, Seanchill, Co. Átha Cliath.
Máire Mac Conghail, 14 Ascaill Ghairbhile, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6.
Martin Nolan, Cloughcarrigeen East, Kilsheelan, Clonmel, Co. Tipperary.
John Mannion, Lakeside Park, Loughrea, Co. Galway.
Colm Ó Catháin, "Fionntrá" 78 Rush Road, Skerries, Co. Dublin.
Pádraig Ó Snodaigh, Coiscéim, Tig Bhríde, 91Br. Bhinn Éadair, Beann Éadair, Áine Hyland, 37 Mepas Road, Dalkey, Co. Dublin.
Dónall Ó Conchúbhair, 20 Meadowvale Close, Raithín, Luimneach.
Dónal Ó Greacháin, N.T. "Tiaracht", 24 Ferndale, Ennis Road, Luimneach.
Gaelachas Teo., Gleann Maghair, Co. Chorcaí.
Dónal Ó Muirthile, Villa Marie, 16 Wilton Ave., Bishopstown, Cork.
Maria Simonds-Gooding, An Cheathrú, Dún Chaoin, Co. Chiarraí.
Marcas Mac Domhnaill, & Eibhlín Ní Laoithe, Baile na hAbha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Nóirín Uí Chatháin, "Seoid", Br. Na hAille, Baile an Bhuineánaigh, Co. Chiarraí.
Úna Murphy, BEAU SOLEIL 1, 26 Chemin Des Jargilières, 01210 Ferney-Voltaire, Ain, FRANCE.
Fionnbarra Ó Brolcháin, 2 Plásóg an tSrutháin, Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.
Tomás Ó Muircheartaigh, Brí, Inis Córthaidh, Co. Loch Gorman.
Athair P. Ó Siochrú, Maistir-Gaoithe, Úibh Ráthach Co Chiarraí.
Eoghan Mac Aogáin, 18 Br. Chárthaigh, An Chabrach, BÁC 7.
Seán Ó Braonáin, 92 Br. San Labhráis, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3.
Seosaimh Ó Súilleabháin, 5 An tArd, Baile an Easpaig, Corcaigh.
Maedhbh Ó Colmáin, 4 Ascal na hUamha, Baile an Bhóthair, Co. Átha Cliath.
Máire Ní Bheaglaioch Uí She, Liosnagroí, Caisleán an Ghriaghre, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Breandán Ó Conaire, 265 Ascaill Chrann Teile, Martello, Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.
Máire Úna Ní Bheaglaioch, 7D, Aonach Mhargadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.
Liam Mac Amhlaigh, 178 Caisleán Reabóige, Cluain Sceach, BÁC 14.
Marianne Begley, 132 An Choill An Daingean Trá Lí, Co. Chiarraí.
Gearóid & Úna Ó Catháin, 6 Plasóg Delaford, Cnoc Lín Baile Átha Cliath 16.
Carolín Brangan, 17 Balally Drive, Dundrum, Baile Átha Cliath 16.
Muiris & Bernie Firtéar, Fán, Ceann Trá. Trá Lí, Co. Chiarraí.
Pádraig Hamilton, 14 Ros Harley, Br. An Tóchair, Corcaigh.
Labhras Ó Murchú, An Bóithrín Glas, Caiseal Mumhan, Co. Thiobraid Árann.
An tEaspag Liam Ó Murchú, 2 Cathedral Place, Killarney, Co. Kerry.
Máiread Ní Dhúbhda, Baile na Leacan, Clochán Bhréanainn, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Tadhg Ó Murchú, 3 Garrán Glendale An Glaisín Corcaigh.
Leslie Matson, Newtown Ville, Port Láirge. Co. Phort Láirge.
Antóin agus Nóirín de Bairéad, 77 Threadneedle Rd., Bóthar na Trá Gaillimhe.
Pádraig Ó Héalaí, Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Antoine Ó Broin, Kilrane, Rosslare Harbour, Co. Wexford.
Breeda O Sullivan, Dundullerick, Leamlara, Co. Cork.
Ray Stagles 6 Salisbury Close, Workingham RG41 4AJ, U.K.
Máire Uí Ainín, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Helen Ó Murchú, 31 Corrán N. Fhiontain, Cill Fhiontain, Baile Átha Cliath, D13 Y3E6.
Moss Kerwick, Rockhill, Bruree, Co. Limerick.
Míchéal A. & Cecilia Ó Conaill, Gort an tSamhraidh, Eochail, Co. Chorcaí.
Tomás Ó Sé, 5 Carrig Mhór, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe.
Catherine Holmes, Lickadoon Ballyneety Co Luimní.
Seán Ó Laoithe, Coarliss, Rathluirc, Co. Chorcaí.
Lorcan Ó Cuinneagáin, 187, The Spinnaker, Cé Árainn, Baile Átha Cliath, DO7 V586
An t-Ath. Pádraig Ó Murchú, 39-6 Ma Reuk Dong, Kwangju, KOREA 502 - 157.
Caitlín & Christóir Corduibh, Baile an Éanaigh, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Áine Bn. Uí Réagáin, 53 Estáit Uí Mhúscraí, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí.
Micheal O Scanail, Sliabh Riabhach, Baile Mhúirne, Mágh Chromtha, Co. Chorcaí.
Seán Ua Cearnaigh, Ard Aoibhinn, Gort na Silíní, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman.
Séamus Ó Bambaire, Bóthar an Phóist, Daingean Uí Chúis Co. Chiarraí.
Dónal Ó Céilleachair, 8 Tivoli Road, London N8 8RE, U.K.
Christina Ní Dheaghaidh, 14 Killakee Lawns, Firhouse, Baile Átha Cliath 24.
Jim Ryan, Cois Deirg, Garrykennedy, Portroe/Nenagh, Co. Tipperary.
Mrs Jane Flower, No. 1, The Martletts, Ringmer, Near Lewes, BN8 5PX. U.K.
Ann Flower, 66 Harrisons Lane, Ringmer, East Sussex BN8 5LL U.K.
Micheál Ó hÓsáin, 675 Feeny Road, Dungiven, Co. Dhoire. BT47 4SU, N.I.
Gerry & Maureen Carney Hayes, 71 Blue Spruce Way Mashpee MA 02649 U.S.A.
Máire & Ciarán Ó Murchú, "Tearmann" Baile na hAbha, Dún Chaoin. Co. Chiarraí.
Pádraig Ó Dálaigh, 56 Ascaill Pháirc na Carraige, Trá Lí.
Mai Uí Chinnéide, Dún an Óir, Templemore Rd., Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.
Máire Uí Choileáin, Clochar na Toirbhirte, Dúrlas Éile, Co. Thiobraid Árann.
Doireann Ní Bhriain, 2 Cúirt Palmerston, Ráth Maonais, BÁTc 6.
Caitlín Ní Chaomhánaigh, 2 Garrán An Ghoirt Áird, Cathair Sailí, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Breandán Ó Murchú, 18 Janeville, Br. Na Carraige Duibhe, Corcaigh.
Máire Ní Shúilleabháin Uí Chíobháin, Dún an Óir, An Creagh Bhuí, Baile Chláir na Gaillimhe, Co. na Gaillimhe.
Eithne Frost, 34 Páirc Grosvenor, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6.
Máire Ní Chonchubhair, 64 Belgard Downs, Baile an Róistigh Corcaigh.
Micheál de Mórdha, Dún Chaoin Trá Lí Co. Chiarraí.
Pádraic Keane, Ó Catháin Ballincar, Rosses Point Road, Sligo.
Jim & Geraldine McAdam, 16B Dirnan Rd., Cookstown, Co. Tyrone, BT80 9XL.
Peadar Oman, 18518 Morris Avenue, Homewood, Illinois 60430, U.S.A.
Micheál Ó hAllmhuirín, 45 Ashbourne Village, Tycor, Cathair Phortláirge.



Nóirín Ní Chatháin

Saolaíodh Nóirín Ní Chatháin ar an mBlascaod Mór ar an seachtú lá de Dheireadh Fómhair na bliana 1933. Saolaíodh ochtar clainne, seisear iníon agus beirt mhac do Sheán Ó Catháin – Seán a’ Rí, mac Rí an Oileáin — agus a bhean chéile Máiréad (Ní Chíobháin) Uí Chatháin nó

Meáigh a’ Rí ó Bhaile an tSléibhe, Fionn Trá. Ba í Nóirín an té b’óige den chlann. Agus ba í Nóirín an leanbh deireanach a saolaíodh fé chúram na mná cabhrach ábalta cneasta Méiní.

Ní raibh Nóirín ach deich mí d’aois nuair a cailleadh a hathair sa bhliain 1934. Bhí sé ag berradh caorach agus chuaigh allas na gcaorach i neascóid a bhí ar a mhúineál. Bhí nimh déanta ag an gneá laistigh de chúpla lá. Fuair sé bás dá dheasca.

D’aistrigh an chlann go léir amach go dtí an míntír i 1934 go teaghlach a máthar ar dtús.

Ansan thóg an bhaintreach Máiréad le cabhair a muintire tigh i mBaile an Fheirtéaraigh. Shocraíodar síos ansan agus d’fháiltigh muintir na háite rompu. Bheadh Máiréad gar dá máthair agus a gaolta. Tar éis do Nóirín bunscóil na gcaoilíní Scoil Uinsinn a chríochnú leis an dara marc is aoirde in Éirinn a ghnóthú sna scrúduithe stáit d’fhreastail Nóirín ar Choláiste Íde i mBaile an Ghóilín. Bhí Nóirín ana éirimíúil agus dúil sna leabhair

agus sa múinteoireacht aici. Chuaigh sí go Coláiste Bantiarna na Trócaire sa Charraig Dhubh i mBaile Átha Cliath agus cáilíodh ina múinteoir í. D’éirigh go maith léi sa choláiste agus tá sé i gceist a cóipleabhair a bhronnadh mar ábhar oidhreacht ar Choláiste Oiliúna Luimní toisc iad a bheith chomh foirfe néata agus iad scríofa sa seanachló Gaelach.

Bhí bua na healaíne agus na ceárdaíochta aici. Bhí sí ar fheabhas chun cniotála. Bhí ana shuim aici sa cheol, i gcártaí, sa léitheoireacht agus sa nádúr. Thug sí ana aire di féin agus ní rachadh sí amach as an tigh gan *lipstick* a chur uirthi féin. Bhí creideamh láidir ag Nóirín. Ana chabhair ab ea í dá máthair sa tigh agus í ag dul in aois.

Is san ospidéal sa Daingean a chaith Nóirín na blianta deireanacha dá saol, áit in ar tugadh sár aire di.

Ba léir an meas a bhí ag pobal an ospidéil ar Nóirín ar an líon daoine a chuir aithne uirthi le linn di a bheith san ospidéal agus a tháinig go dtí a torramh ina tigh cónaithe agus go Séipéal Naomh Uinsinn ar an mBuailtín dá haifreann sochraide. Fuair sí bás ar an 20 Iúil 2015. Cuireadh Nóirín Ní Chatháin ó Bharra an Bhaile, An Blascaod Mór, i Reilig Chaitliona, Fionn Trá san uaigh chéanna lena deartháir Peaidí ’n Oileáin agus a máthair Máiréad. Tá a hathair Seán curtha sa Seana Teampall i nDún Chaoin. Beannacht Dé DÍlis lena hanam naofa agus le hainmneacha na bhfírean go léir. Maireann a deirfiúr Máiréad Uí Choistealbha agus go leor gar chlann bail ó Dhia orthu. Deirimid comhbhrón ó chroí leo.

... ar lean.

Máirín Uí Fháinnín, Dubhadh, Droichead Átha, Co. na Mí.

Pól Ruiséal, 6 Berkeley An Charraig Dhubh, Corcaigh.

Caitlín & Noel Ó Maoileoin, Na Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Nuala Uí Aimirgín, 24 Páirc Moyola, Caisleán Nua, Gaillimh.

Martin Connolly, 6 Pebble Hill Maynooth Co. Kildare, W23 XOX4.

Caitlín & Seán Ó Dónaill, 37A, Faiche an Ráschúrsa, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Seán Ó Coileáin, Scoil na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Doncha Ó Conchúir, Baile an Ghleanna, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí

Áine Bean Mhic Ghabhann, 51 Bóthar Bhartúin, Rathfearnáin, BÁC 14.

Gearóid Ó hEarcáin, Cluain Rámhfhada Inis, V95 P5YH, Co an Chláir.

Muckcross House Trust, Trustess of Muckcross Hse., Killarney, Co. Kerry.

Aingéal Ó Buachalla, 33 Cnoc na Sí, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Dr. John Quill, Castlelawn, Ballyheigue, Co. Kerry.

Celeste Uí Shluaigh, An Baile Uachtarach, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Gearóid Ó Cruaioich, “Avoca Lodge”, 2 Bóthar na Laoi, Cathair Chorcaí.

Máirín Uí Shé, Cathair a’ Treantaigh, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Gertie Foley (Keane), 50 Grange Wood, Rathfarnham, Dublin 16.

Gary Granville, An Buailtín, Baile an Fheirtéaraigh Trá Lí, Co. Chiarraí.

Frank Allen, 10 Cois Cuain, Cúirt Mhic Sheáfraidh, Droichead na Bannan, Co. Chorcaí.

Deirdre Brughna Stuart, “Drumahill”, Bóthar Chill Mochuda Uacht., Dundroma, Baile Átha Cliath 14.

Joan Maguire & D.Ó Maoileoin, Sráid an Dá Gheata, An Daingean, Co. Chiarraí.

Pat O Connor, Ballinasig, Dingle, Co. Kerry.

Máirín Ní Bhroin Uí Thuama, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Pádraig Firtéar, Pobalscoil Chorca Dhuibhne, An Daingean, Co. Chiarraí.

Ath. Eoghain Ó Cadhla, S.P. Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Seán Ó Céileachair, 7 Cúirt Vernon, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3.

An Leabharlann, Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál, Luimneach.

Máire Brughna & Traolach, Bun na Fána, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Míchéal Ó Cinnéide, ‘Ghantry’, Ballysampson, Killinick, Co. Wexford.

Edna Uí Chinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Lorcán Ó Cinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Gearóid Ó Cinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Tá foirm iarratais ar bhallraíocht agus clúdach faoi iamh san eagrán seo.

Is eagraíocht dheonach charthanachta í Fondúireacht an Bhlascaoid a bhíonn ag brath an an bpobal.

Cuirfead fáilte chomh maith roimh shíntiúis do Sparánacht an Bhlascaoid tríd an gcóras céanna íocaíochta.

An application for membership with return envelope is included in this edition.

Fondúireacht an Bhlascaoid is a non-profit charitable organisation which depends on public support.

Contributions towards Sparánacht an Bhlascaoid are also welcome through this payment system.



Ag Ceiliúradh an Bhlascaoid
An Br Seán Ahern, Helena Zacharias agus Isabel Bennett.



Scannánaíocht Nua
Sibéal Ní Ógáin agus Grace de Bhál a ghlac páirte i scannán nua a bheidh mar chuid de thaispeántas Ionad an Bhlascaoid. Páirteach chomh maith, bhí Diarmuid Lyng (thíos).



Danny Mac a' tSíthigh lasmuigh de Thigh Neodain i gCoimín Bhaile Ícín, Dún Chaoin, ar Shiúlóid an Cheiliúrtha.



Ag Bronnadh Sparánacht an Bhlascaoid
Pádraig Firtéar, Muireann de hÓra, Dan Ó Dubháin agus a thuismitheoirí Lauren Williams agus Mick Downes, athair le Muireann Tom Hoare, agus Lorcan Ó Cinnéide.

